Buntáiste Breise na Gaeilge!

Luimneach

Seimineár Eolais do
Dhaltaí Iar-Bhunscoile

Dé Máirt
22 Samhain 2011

CLÁR

09.20 Fáiltiú agus Clárú
10.00 Cur i láthair ó na hAoichainteoirí
11:05 Glacfaidh na hAoichainteoirí le ceisteanna ó dhaltaí scoile
11:45 Duaiseanna á bhronnadh / Bileoga Aiseolais
12:00 Am do na daltaí chun cuairt a thabhairt ar na seastáin
12:30 Críoch

Kevin De Barra, Cathaoirleach

Is as An Spidéal, i gConamara é Kevin De Barra. D'fhreastail sé ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh áit ar bhain sé Céim Tráchtála agus Máistreacht sa Mhargaíocht amach, chomh maith le Dioplóma sa Ghaeilge, agus Dioplóma i Staidéar an Aistriúcháin. Oibríonn Kevin mar Bhainisteoir Margaíochta agus Cumarsáide Poiblí le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge.

Dónal ó hAiniféin

Is as Lios Deargáin, Lios Póil ar imeall Ghaeltacht Chorca Dhuibhne ó dhúchas do Dhónal. Fuair sé a chuid oideachais bunscoile i Scoil Chluain Chumhra ansin agus chuaigh sé go dtí na Meánscoil na mBráithre Críostaí sa Daingean don iarbhunscolaíocht.

Bhain sé céim B.Oid amach i gColáiste Mhuire Gan Smál i Luimneach agus máistreacht i múineadh teangacha ina dhiaidh sin ó Acadamh na hOllscolaíochta in OÉ,G.

Is príomhoide gaelscoile é Dónal le fiche bliain anuas agus tá an-spéis aige i gcúrsaí Gaelscolaíochta/Gaeltachta agus tumoideachais ach go háirithe. Iar-Uachtarán ar Ghaelscoileanna Teoranta is ea é.

Áine Lally

Rugadh Áine Lally ar an Spidéal i gCo. na Gaillimhe. D'fhreastail sí ar Choláiste Chroí Mhuire sa Spidéal agus freisin ar Ollscoil i Londain. Rinne Áine cúrsaí éagsúla trí Ollscoil Luimnigh agus Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe agus Mhaigh Eo chomh maith.

Rinne sí staidéar ar chúrsaí cumarsáide agus iriseoireachta trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla agus tá céim onóracha aici. Tá sí ag obair le Nuacht RTÉ & Nuacht TG4 le roinnt blianta anuas. Is iriseoir físe agus léitheoir nuachta leis an dá stáisiún teilifíse í.

Caith sí cúpla bliain ag obair leis an gclár 'Féilte' agus anois caitheann sí roinnt ama ag obair leis an gclár 'Nationwide' ar RTÉ 1 chomh maith. Bhí deis ag Áine taisteal ar fud na cruinne i mbun a cuid oibre. Chlúdaigh sí scéalta agus chláir faisnéise i Meiriceá, Albain, Ceanada agus san Airgintín.

Muireann Nic Amhlaoibh

Tógadh Muireann i nDún Chaoin i gCorca Dhuibhne i gCo. Chiarraí. In 2002 bhain sí máistreacht amach sa cheol traidisiúnta ó Ollscoil Luimní, áit a mhúineann sí amhránaíocht agus flúiteadóireacht. Is ball í den mhór-ghrúpa ceoil traidisiúnta "Danú. Níos túisce i mbliana bhain Muireann Gradam Amhránaí TG4 2011 amach.

Bíonn an-éileamh ar Mhuireann Nic Amhlaoibh mar amhránaí, ceoltóir, múinteoir agus láithreoir. Rinne Muireann láithreoireacht ar Ghradaim Ceoil TG4 in 2007 agus in 2009 agus ar an gclár Geantraí.

Ghlac Muireann páirt sna cláir Anam an Amhráin, Imeall, Geantraí, Ceolchuairt agus The Highland Sessions. Ba mholtóir í ar Shiansa Gael-Linn, comórtas do ghrúpaí óga traidisiúnta.

Breandán MacFhionnghaile

Rugadh i Sasana Breandán MacFhionnghaile agus d'fhill sé go hÉireann nuair a bhí sé deich mbliana d'aois agus is ansin a thosaigh sé ag foghlaim Gaeilge.

Chaith sé tréimhse ag taisteal san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe agus d'oibrigh sé mar mhúinteoir bunscoile i gCo. an Chláir. Tá Breandán ag obair mar Oifigeach Forbartha leis an Clár as Gaeilge le roinnt blianta anuas.

Is í príomhaidhm An Clár As Gaeilge ná labhairt na Gaeilge a neartú sa chontae agus seirbhísí teanga a fhorbairt chun freastal ar riachtanais phobal na Gaeilge. Is togra páirtnéireachta pobail é An Clár as Gaeilge Teoranta atá á eagrú ag Conradh na Gaeilge. Tá an togra bunaithe le hocht mbliana anuas agus feidhmíonn sé as oifig buan in Inis le hOifigeach Forbartha agus Cúntóir Oifige fostaithe le Clár Gníomhaíochta a chur i bhfeidhm.

Ciara Considine

Is as Luimneach do Chiara. D'fhreastail sí ar bhunscoil agus ar mheánscoil i gCathair Luimnigh. Tar éis na meánscoile, d'fhreastail sí ar Ollscoil Luimnigh (UL) áit a ndearna sí staidéar ar an nGaeilge agus ar an bhFraincís.

Fuair sí post i mBaile Átha Cliath ansin ag obair le Forbairt Naíonraí Teoranta ar feadh sé bliana mar Oifigeach Riaracháin agus Airgeadais. Rinne sí Dioplóma sa Mhargaíocht, san Fhógraíocht agus i gCaidreamh Poiblí le Dublin Business School le linn na tréimhse seo chomh maith.

Tá Ciara ag obair le hAonad na Gaeilge, Ollscoil Luimnigh mar Oifigeach Margaíochta agus Riaracháin le trí bliana anuas.

Buntáiste Breise na Gaeilge ar Chamchuairt timpeall na tíre: